T23017

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs and Social Protection

An tAcht um Aithint Inscne 2015

# Tuarascáil Bliantúil i gcomhair 2018

## (Ullmhaithe i gcomhréir le cuid 6 an Achta)

28.06.2019

# Clár Ábhair

1. Réamhrá .......... 1
2. Cúlra .......... 1
3. Leasuithe .......... 2
4. Seirbhísí Aitheantais an Chliaint .......... 2
5. Príomh-Oifig Chlárúcháin .......... 3
6. Staidrimh – An tAcht um Aithint Inscne 2015 .......... 4
   Iarratais i gcomhair Teastais Aitheantais Inscne .......... 4
   Clárúcháin ar an Taifead Aitheantais Inscne .......... 5
   Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn .......... 5
   Aitheantas i ndlínse eile .......... 5
   Aisghairmeanna .......... 5
   Leasuithe do theastais aitheantais inscne .......... 6
7. Staidrimh Eile .......... 6
   Acht na bPasanna 2008 .......... 6
   An tAcht um Shaoránacht agus Náisiúnacht 1956 .......... 6
   Acht um Uchtú 2010 .......... 7
8. Athbhreithniú ar Oibriúchán an Achta .......... 7

# 1. Réamhrá

Bhí an tAcht um Aithint Inscne 2015 ("An tAcht") achtaithe ar an 22 Iúil 2015 agus tosaithe ar an 4 Mheán Fómhair 2015. Tá an Tuarascáil Bliantúil seo dréachtaithe i gcomhréir le cuid 6 an Achta. Tugann sé tuairisc, thar aon ní eile, ar iarratais déanta i gcomhair teastais aitheantais inscne, iarratais ina bhfuil aitheantas ag iarrthóir cheana i ndlínse eile, aisghairmeanna ar theastais aitheantais inscne ag an Aire, iarratais chun teastas aitheantais inscne a aisghairm ag an sealbhóir agus ceartúchán ar theastas aitheantais inscne.

Seo hé an ceathrú tuarascáil le foilsiú faoi réir an Achta agus clúdaíonn sé an tréimhse 1 Eanáir 2018 go 31 Nollag 2018. Tá tuarascálacha bliantúla roimhe seo ar fáil ag http://www.welfare.ie/en/Pages/Gender-Recognition.aspx

# 2. Cúlra

Tugann an tAcht um Aithint Inscne 2015 forálacha chun teastas aitheantais inscne a eisiú ag an Aire Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Go díreach, sonraíonn le cuid 18 an Achta:

> *'Nuair a eisítear teastas aitheantais inscne do dhuine, beidh inscne an duine sin, ón dáta eisiúna a ghabhann leis, do gach cuspóirí, mar an inscne roghnaithe. Ansin, más firinscneach é inscne roghnaithe an duine, beidh gnéas an duine sin mar fhear, agus más baininscneach é inscne roghnaithe an duine, beidh gnéas an duine sin mar bhean.'*

Áirítear le príomhéifeachtaí eile an rialacháin dóibh sin ar mian leo go n-aithneofar a n-inscne:

- Is féidir leis an nduine a bhfuil a (h)inscne aitheanta teastas breithe nua a fháil ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin a thaispeánann an inscne roghnaithe agus ainmneacha nua (má athraítear ainmneacha freisin) má bhíonn a mbreith cláraithe in Éirinn.

- Ní bheidh aon éifeacht ar aon chearta, freagrachtaí nó torthaí ar ghníomhartha déanta ag an nduine sin déanta lena b(h)uninscne roimh dháta an aitheantais.

Áirítear le príomhfheidhmeanna an Achta forálacha i gcomhair:

- Samhail féin-dhearbhú i gcomhair daoine trasinscneach atá 18 bliain d'aois nó níos sine;
- Úsáid an téarma 'inscne roghnaithe' i bhfoclaíocht an Achta;
- Bealach chun aitheantais i gcomhair daoine atá 16 go 18 bliain d'aois;
- Athbhreithniú foirmiúil ar oibriúchán an Achta le tosú ar a dhéanaí dhá bhliain i ndiaidh a thosaithe; agus
- Ailíniú rialacháin maidir le heisiúint pasanna do dhaoine trasinscneacha.

# 3. Leasuithe

I dtosach, thug an tAcht forálacha gur chóir iarratasóir ar aitheantas inscne gan a bheith pósta (bhí sin riachtanach roimh thoradh na n-agóidí dlíthiúla don Reifreann Comhionannais Pósta). I ndiaidh díbhe na n-agóidí dlíthiúla, rinneadh leasú ar an Achta san Acht Pósta 2015, a scrios uaidh an riachtanas go mbeadh iarratasóir neamhphósta.

# 4. Seirbhísí Aitheantais an Chliaint

Próiseáiltear iarratais ar theastais aitheantais inscne ag rannóg Seirbhísí Aitheantais an Chliaint sa Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá freagracht ag an rannóg ar aitheantas an chustaiméara a bhunú agus a fhíordheimhniú, chomh maith le tacú le forbairt chreat polasaí aitheantais le haghaidh rialachais agus seachadta seirbhísí bhainistíochta aitheantais.

Ceann de phríomh-réimsí feidhmiúcháin le Seirbhísí Aitheantais an Chliaint ná an réimse Bainistíochta Cháilíocht Sonraí. Ó mhí Iúil 2015 i leith, tá freagracht ag an réimse sin ar oibriúchán an Achta, lena n-áirítear próiseáil ar iarratais ar theastas

aitheantais inscne. Ní féidir rochtain a fháil ar an gcóras trína bhfuil iarratais próiseáilte ach ag an bhfoireann theastas aitheantais inscne sa réimse Bainistíochta Cháilíocht Sonraí. Is lárnach í an rúndacht i gcomhair an phróisis iarratais ar theastas aitheantais inscne. I ndiaidh d'iarratas a bheith próiseáilte, déantar nuashonrú ar na taifid chun go mbeidh an inscne nua ar taispeáint. Go ginearálta, eisítear teastas aitheantais inscne don chliaint laistigh 2-3 lá oibre i ndiaidh an chinnte don bhronnadh á dhéanamh.

# 5. Príomh-Oifig Chlárúcháin

Stór lárnach sibhialta is ea Príomh-Oifig Chlárúcháin do na taifid a bhaineann le breitheanna, marbh-bhreitheanna, básanna, pósta, pairtnéireachtaí sibhialta agus uchtuithe in Éirinn. Oibríonn sé faoi chumhacht na Roinne Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus tá freagracht aici ar riarachán na Seirbhíse Chlárúcháin Sibhialta in Éirinn.

Tá an tArd-Chláraitheoir freagrach as an córas a bhainistiú agus a rialú do chlárúcháin in Éirinn, agus tá Feidhmeannaí na Seirbhíse Sláinte freagrach as an lá seachadta Sheirbhís Chlárúcháin Sibhialta trí ghréasán oifigí sheirbhíse clárúcháin ar fud an Stáit.

Rinne an tAcht um Aithint Inscne 2015 leasú ar an Acht um Chlárúchán Sibhialta 2004, le riachtanas don Ard-Chláraitheoir chun clárúchán aitheantais inscne a bhunú agus a oibriú. I ndiaidh do dhuine teastas aitheantais inscne a fháil, is cead acu iarratas a dhéanamh le bheith curtha leis an taifead sin.  Ceadóidh sé sin do theastas breithe inscne nua an duine a thaispeáint, le bheith eisithe ón taifead. De bhrí gur eilimint an-tábhachtach í an phríobháideacht don phróiseas aitheantais inscne, bíonn an taifead ar aitheantas inscne agus an nasc leis an mbuntaifead breithe rúnda. Chun cuidiú tuilleadh le rúndacht a chinntiú, ní féidir na teastais breithe a thaispeánann an inscne nua a fháil ach ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin, ag an nduine a mbaineann an teastas breithe leis, nó má fuair siad bás, a t(h)eaghlach.

# 6. Staidrimh - Aitheantas Inscne

***Iarratais i gcomhair Teastais Aitheantais Inscne***

Ba é 133 líon iomlán na n-iarratas faighte ar aitheantas inscne in 2018. Tugann **Tábla 1** mionsonraí ar líon iomlán na n-iarratas ar theastas aitheantais inscne próiseáilte, de réir aoise:

**Tábla 1 - Teastais Aitheantais Inscne**

| Bliain | Iarratais Faighte | | | Iarratais Bronnta[1] | | | Iarratais Diúltaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Aois 16/17** | **Aois 18+** | **Iomlán** | **Aois 16/17** | **Aois 18+** | **Iomlán** | **Aois 16/17** | **Aois 18+** | **Iomlán** |
| **2018** | 2 | 131 | **133** | 2 | 123 | **125** | Faic | Faic | Faic |
| **2017** | 3 | 96 | **99** | 2 | 97 | **99** | Faic | 1 | **1** |
| **2016** | 6 | 104 | **110** | 6 | 103 | **109** | Faic | Faic | Faic |
| **2015[2]** | 2 | 87 | **89** | 2 | 87 | **89** | Faic | Faic | Faic |
| **Iomlán** | **13** | **418** | **431** | **12** | **410** | **422** | **Faic** | **1** | **1** |

Faoi réir coda 8(3) an Achta, is féidir leis an Aire cinneadh a dhéanamh chun teastas aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú do theastas aitheantais inscne a eisiúint. Nuair a dhéanann sé cinneadh iarratas a dhiúltú, ní mór don Aire, faoi réir coda 8(5), eolas a thabhairt don iarratasóir maidir leis na cúiseanna ar an gcinneadh agus cur in iúil don iarratasóir maidir lena c(h)eart chun agóid a dhéanamh don Chúirt Chuarda laistigh 90 lá ón ndáta fógra. Áirítear le cúiseanna féideartha chun diúltaithe nuair nach bhfuil an t-iarratasóir ina dhuine ar féidir leis cur isteach i gcomhair teastais aitheantais inscne (de réir forálacha i gcuid 9 an Achta); nuair atá inscne roghnaithe an duine difriúil ó bhaininscneach nó firinscneach nó nach gcludaítear é ag forálacha an Achta; nó ina bhfuil an t-iarratas maidir le duine 16 nó 17 bliain d'aois ach gan díolúine na cúirte a theastaíonn faoi réir coda 12.

[1] Is féidir le hiarratais faighte laistigh bliain a bheith bronnta an bhliain dár gcionn. Seans go mbeidh cásanna ar feitheamh ar chinneadh ag deireadh aon bhliana.

[2] Ó thús an Achta ar 4 Mheán Fómhair 2015 go 31 Nollag 2015

## Clárúcháin ar an Taifead Aitheantais Inscne

Tugann **Tábla 2** breac-chuntas ar líon na gclárúchán ar an Taifead Clárúcháin Inscne de réir aoise. Rinneadh ar iomlán 75 taifead ar an Taifead Clárúcháin Inscne le linn 2018.

**Tábla 2 - Clárúcháin ar an Taifead Aitheantais Inscne de réir inscne**

| Bliain | Aois 16/17 | Aois 18+ | Ioml án |
|---|---|---|---|
| **2018** | 2 | 73 | **75** |
| **2017** | 0 | 60 | **60** |
| **2016** | 6 | 71 | **77** |
| **2015**[3] | 2 | 54 | **56** |
| **Iomlá n** | **10** | **258** | **268** |

## Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn

Faoi réir coda 9(1)(b) an Achta, is féidir le cónaitheoir an Stáit nár rugadh in Éirinn cur isteach i gcomhair teastais aitheantais inscne. As an 125 teastas aitheantais inscne eisithe in 2018, bhí 17 le cónaitheoirí an Stáit nár rugadh in Éirinn. Bhí gach iarratasóir 18 bliain d’aois ar a laghad. Bhí ar iomlán 72 teastas aitheantais inscne eisithe faoi réir na coda seo ó thosaigh an tAcht.

## Aitheantas i ndlínse eile

Ceadaíonn cuid 11(2) an Achta do dhuine a roghnaigh inscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar theastas aitheantais inscne. Ní bhfuarthas aon iarratas faoi réir na coda sin le linn 2018. Ó thosaigh an tAcht, eisíodh ar iomlán ceithre theastas faoi réir na forála sin.

## Aisghairmeanna

Faoi réir coda 14 an Achta, is féidir leis an Aire teastas aitheantais inscne a aisghairm nuair a fuarthas faisnéis a spreagann diúltú an teastais, má fuarthas é roimh an chéad eisiúint. Ní raibh aisghairm ar aon teastas aitheantais inscne ag an Aire i 2018 faoi réir na coda seo.

3 Ó thús an Achta ar 4 Mheán Fómhair 2015 go 31 Nollag 2015

Más mian le sealbhóir teastais aitheantais inscne a (h)inscne bunaidh a aisiompú, ceadaíonn Cuid 15 dóibh iarratas a dhéanamh don Aire chun an teastas a aisghairm. Ní raibh aon iarratas aisghairm ar teastas aitheantais inscne déanta faoi réir na coda sin, nó bronnta, in 2018. Bhí dhá aisghairm déanta ó thosaigh an tAcht, an dá cheann ó iarratasóirí ar a laghad 18 bliain d'aois.

### Leasuithe do theastais aitheantais inscne

Faoi réir coda 16 an Achta, is féidir le hiarratasóir ar theastas aitheantais inscne iarratas a dhéanamh don Aire chun go mbeidh an teastas leasaithe má bhíonn botún cléiriciúil in inneachas an teastais. Ní bhfuarthas aon iarratas chun Teastas Aitheantais Inscne a leasú agus ní raibh aon iarratas dá leithéid próiseáilte le linn 2018. Ní dhearnadh ach dhá cheartúchán ó thosaigh an tAcht.

## 7. Staidrimh Eile

### Acht na bPasanna 2008

Déanann Cuid 38 an Achta leasú ar Acht na bPasanna 2008 ionas gur féidir le sealbhóir teastais aitheantais inscne iarratas a dhéanamh don Aire Gnóthaí Seachtracha agus pas a iarradh le heisiú san ainm agus inscne sonraithe ar an teastas aitheantais inscne.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Seachtracha agus Trádáil 36 pas do shealbhóirí teastais aitheantais inscne le linn 2018 - ní raibh aon cheann dóibh sin eisithe do dhaoine aonair níos óige ná 18 bliain d'aois. Ó thosaigh an tAcht, eisíodh 86 pas do shealbhóirí teastais aitheantais inscne, agus bhí 5 dóibh níos óige ná 18 bliain d'aois.

### An tAcht um Shaoránacht agus Náisiúnacht 1956

Ionas gur féidir ceadú do dhuine ar thaifead breithe seachtrach a (h)inscne a fháil aitheanta, rinne cuid 31 an Achta leasú ar an An Acht um Shaoránacht agus Náisiúnacht 1956 chun forálacha a dhéanamh do bhunaíocht agus cothabháil taifid aitheantais inscne do bhreith seachtrach ag an Roinn Gnóthaí Seachtrach agus Trádáil. Ní raibh

Sé indéanta é a chur i bhfeidhm faoi réir na forála sin roimh 1 Nollag 2017 nuair a tháinig rialacháin a thug éifeacht don chuid seo in oibriúchán[4]. Ní raibh aon iarratas i Nollaig 2017 agus ar iomlán iarratas amháin in 2018.

### Acht um Uchtú 2010

Déanann cuid 33 an Achta um Aithint Inscne 2015 leasú ar an Acht um Uchtú 2010 chun a cheadú d'Údarás Uchtaithe na hÉireann "taifead ar aithint inscne d'uchtuithe idirtíre" a bhunú. Cuireadh dhá chlárúchán isteach ar an taifead aitheantais inscne le huchtuithe idirtíre le linn 2018. Fuarthas ar iomlán sé iarratas faoi réir na forála sin ó thosaigh an tAcht.

## 8. Athbhreithniú ar Oibriúchán an Achta

Tugann cuid 7 an Achta foráil gur chóir don Aire athbhreithniú a thosú ar an Acht laistigh 2 bhliana i ndiaidh dó teacht in oibriúchán.

I mí na Samhna 2017, bhunaigh an Aire Doherty grúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán an Achta. Bhí an Grúpa Athbhreithnithe faoi chathaoirleacht Moninne Griffith (Stiúrthóir Feidhmiúcháin, BeLonG To), agus bhí ionadaíocht ann ó Ghréasán Comhionannais Trasinscneach na hÉireann (TENI), saineolaithe neamhspleácha eile sa réimse, agus Ranna/comhlachtaí an Rialtais le suim sa réimse seo (Fostaíocht agus Coimirce Sóisialaí, Leanaí agus Óige, Dlí agus Cirt agus Comhionannas, Oideachas agus Eolaíocht, Gnóthaí Seachtracha agus Trádáil, agus an FSS).

### Comhairleoireacht

Cuid lárnach den athbhreithniú ab ea an próiseas comhairleoireachta a dhírigh ar an leibhéal ba leithne indéanta le comhairleoireacht phoiblí. Fógraíodh an próiseas comhairleoireachta i scríbhinn go foirmiúil ar an 10 Eanáir 2018, le dáta dúnta i gcomhair iarratais a fháil ar an 5 Feabhra 2018.

---

[4] S.I. Uimh. 539/2017 Aitheantas Inscne ar Rialacháin Breithe Seachtracha 2017 tagartha. Tá sé ar fáil anseo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

Ag léiriú na téarmaí tagartha, fuair rannpháirtitheoirí cuireadh chun iarratais a dhéanamh faoi réir na cinnlitreacha a leanas:

a. Socrúcháin do pháistí 16 go 17 bliain d'aois;
b. Socrúcháin do pháistí níos óige ná 16 bliain d'aois;
c. Socrúcháin do dhaoine a aithníonn iad féin difriúil ó fhirinscneach nó baininscneach (m.s. neamh-dhénártha);
d. Socrúcháin do dhaoine idirghnéasacha;
e. Aon cheisteanna ábhartha eile, lena n-áirítear a bhaineann le hoibriúchán na bhforálacha rialacháin reatha.

Foilsíodh an glaoch ar iarratais ar an leathanach gréasáin aitheantais inscne leis an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, sna meáin sóisialta trí chainéil mheáin sóisialta na Roinne, agus ag fógairt sna príomhnuachtáin laethúla náisiúnta. Chuir baill an ghrúpa béim ar an nglaoch ar iarratais sna suíomhanna gréasáin agus cuntais meáin sóisialta a n-eagraíochtaí féin, chun feasacht a ardú, agus chun glaoch ar iarratais ó ghrúpaí ionadaíochta agus daoine aonair ina ngréasáin. Bhí an próiseas comhairleoireachta curtha in iúil freisin do Bhaill an dá Theach an Oireachtais chomh maith le raon eagraíochtaí a fuair cuireadh chun iarratais a dhéanamh (m.s. Comhlachtaí ionadaíochta liachta agus dlíthiúla, comhlachtaí caomhnóirí scoile, comhlachtaí ionadaíochta na múinteoirí, Comhairle na nÓg, Ombudsman do Pháistí, Tusla, FLAC, ICTU, eagraíochtaí spóirt agus eagraíochtaí rannpháirtíochta óige eile).

Chun a chinntiú go mbeadh an próiseas comhairleoireachta infheicthe do dhaoine óga, chuaigh an Grúpa Athbhreithnithe i dteagmháil, i measc grúpaí ionadaíochta eile na n-óg, le hAontas na Mac Léinn Dara Leibhéil na hÉireann (ISSU) - an comhlacht forleathan náisiúnta i gcomhair comhairleanna mac léinn dara leibhéil. Chuidigh an ISSU leis an ngrúpa, ag déanamh teagmhála le comhairlí na mac léinn trí r-phost agus ag tabhairt cuaireadh d'iarratais ar an bpróiseas comhairleoireachta. Chuir siad fógra leis an bpróiseas comhairleoireachta freisin ina ghnáth-bhunrán agus d'fhoilsigh siad agallamh leis an gComhairleoir ina leathanach Facebook.

Fuarthas ar iomlán 92 iarratas i scríbhinn agus tá siad ar fáil ar an leathanach gréasáin aitheantais inscne sa nasc a leanas:

http://www.welfare.ie/en/Pages/Review-of-the-Gender-Recognition-Act-2015.aspx

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe cruinnithe comhairleoireachta leantacha freisin le baill an phobail trasinscneach, cleachtóirí liachta, agus saineolaithe dlíthiúla. D'éist siad le taithí na ndaoine óga trasinscneacha, tuismitheoirí daoine óga trasinscneacha, agus phléigh siad freisin le duine fásta neamh-dhénártha.

## Tuarascáil

Seoladh Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an 15 Meitheamh 2018 agus foilsíodh é ar an 18 Iúil 2018.

Tá cóip den tacar iomlán moltaí in Aguisín 1.

***Meitheamh 2018***

# Aguisín 1 - Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe

## Moladh 1:

Ní mór córas aitheantais inscne a chur ar bun do pháistí aon aoise, faoi réir na bprionsabal príomha a leanas:

- Comhthoil an tuismitheora riachtanach (le próiseas dlíthiúil cuí chun dul i ngleic le cásanna nuair nach dtugann an bheirt thuismitheoir comhthoil nó nár féidir nó sábháilte amhlaidh a fháil),
- Bheadh an próiseas riaracháin,
- Próiseas éasca chun aisghairm,
- Tacaíocht tríú-páirtí don pháiste agus teaghlach bainteach leis.

## Moladh 2A:

Ní mór don aitheantas inscne dlíthiúil a bheith curtha ar fáil do dhaoine neamh-dhénártha.

## Moladh 2B:

Mar chuid d'athbhreithniú roinne an Rialtais ar na leasuithe rialacháin molta, is féidir le measúnú tionchair a bheith curtha san áireamh.

## Moladh 2C:

Sa téarma láithreach, ba chóir do Roinne an Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile aon chéimeanna dhearfacha a ghlacadh ar féidir leo chun staid na ndaoine neamh-dhénártha a fheabhsú.

## Moladh 3:

Ba chóir do gach bearta glactha chun rochtain ar aitheantas inscne a fheabhsú, maidir le haois agus féiniúlacht inscne (dénártha nó neamh-dhénártha) rochtain a thabhairt do dhaoine idirghnéasacha.

### Moladh 4:

Go mbunaíonn an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le Príomh-Oifig Chlárúcháin, córas uimhriúil atá díreach mar an gcéanna leis an gceann in úsáid do theastais breithe ina mbaintear amach an t-eolas ó thaifid breithe.

Bainfeadh sé sin do theastais nua agus bheadh an rogha athchurtha teastais curtha ar fáil do dhaoine a bhfuil teastas breithe acu cheana féin gan uimhir thagartha (agus an táille tarscaoilte chun cóip athchurtha a eisiúint).

### Moladh 5:

Ní mór cuid 10 an Achta a úsáid (de réir achtaithe cheana nó trí mheán leasaithe rialacháin) chun athrú dlíthiúil a cheadú d'ainm mar chuid den phróiseas aitheantais inscne.

### Moladh 6A:

Go gcuirfear socrúcháin i bhfeidhm chun a cheadú do dhaoine aonair Éireannacha a rugadh i dTuaisceart Éireann agus ina gcónaí lasmuigh den Stáit, cur isteach i gcomhair teastais aitheantais inscne.

### Moladh 6B:

Go mbeidh eisiúint na dteastas breithe ardaithe ag an leibhéal oifigiúil le húdaráis an Ríochta Aontaithe.

### Moladh 7:

Go ndéanfaidh roinne agus gníomhairí fiosrúchán ar bhealaí chun na próisis iarratais a dhéanamh níos éasca; idircheangal idir na Roinne a fheabhsú; agus costais a laghdú chun cáipéisí oifigiúla a athchur amhail teastais breithe agus pas.

### Moladh 8:

Go ndéanann gach Roinn/comhlacht an Rialtais imscrúdú ar na próisis riaracháin, i ndiaidh do Theastas Aitheantais Inscne a bheith faighte, chun é a dhéanamh níos éasca agus príobháideacht an duine a chosaint fós.

## Moladh 9:

Go mbeidh athbhreithniú ar an Achta agus aon mheasúnú tionchair maidir le cur i bhfeidhm rialacháin chun aitheantas inscne a thabhairt do dhaoine neamh-dhénártha críochnaithe laistigh cúig bhliana i ndiaidh d'fhorálacha a thosú i gcomhair aon rialachán leasaithe achtaithe a eascraíonn ón athbhreithniú sin. Clúdódh an t-athbhreithniú sin aon fhorálacha nua in aon rialachán leasaithe.

## Moladh 10A:

Go bhfoilseoidh an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí leabhrán éasca le léamh a leagann amach na céimeanna a bhaineann le Teastas Aitheantais Inscne a fháil mar aon le hiontráil ar an taifead aitheantais inscne. Ba chóir go mbeidh comhairle san áireamh leis freisin maidir leis na céimeanna eile le glacadh, ag liostáil roinne eile an Rialtais agus comhlachtaí an Stáit ar chóir a bheith inrochtana chun na taifid pearsanta a nuashonrú.

## Moladh 10B:

Molann an grúpa freisin go mbeidh leabhrán ullmhaithe i gcomhair Rannóga an Rialtais, comhlachtaí eile an Stáit, agus eagraíochtaí príobháideacha eile, ag leagadh amach conas a bhaineann an tAcht leo